Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Márta 2026
(OR. en)

7251/26

LIMITE

PECHE 96

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht Oileán Mhuirís chun Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe, agus Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhfaidh leis a thabhairt i gcrích |

**CINNEADH (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht Oileán Mhuirís chun Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe, agus Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhfaidh leis a thabhairt i gcrích**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43, i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4),de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

Ba cheart tús a chur leis an gcaibidlíocht d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe mar aon le Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhfaidh leis a thabhairt i gcrích le hOileán Mhuirís,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear an Coimisiún tús a chur le caibidlíocht le haghaidh Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe mar aon le Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhfaidh leis le hOileán Mhuirís.

*Airteagal 2*

Leis seo, déantar an Coimisiún a ainmniú mar idirbheartaí an Aontais.

*Airteagal 3*

Seolfar an chaibidlíocht i gcomhairle leis an Meitheal na Comhairle um an mBeartas Iascaigh agus i gcomhréir leis na treoracha atá san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo, faoi réir aon treoracha a fhéadfaidh an Chomhairle a eisiúint chuig an gCoimisiún dá éis seo.

PUBLIC

*Airteagal 4*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh in/sa …, …

PUBLIC

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*